

Stephen Donnelly TD,

Teach Laighin,

Sráid Chill Dara,

Baile Átha Cliath 2.

stephen.donnelly@oireachtas.ie

21 Meán Fómhair, 2018

Stephen, a chara,

Is mian le Conradh na Gaeilge tú a mholadh as leasaithe a chur ar aghaidh maidir leis an mBille Sláinte Poiblí (Alcól), 2015. Sin iad na leasuithe a deir 'in both the English and Irish language' á chur isteach sna háiteanna cuí sa bhille.

Tá sé tábhachtach go n-aithnítear an dhá theanga oifigiúil atá sa Stát. Tríd chéim mar seo tá tú ag normalú úsáid na Gaeilge sa tsochaí. Is ról tábhachtach atá agat mar reachtaire chun cinntiú go bhfuil aon bhille a chuirtear tríd an Oireachtas ag teacht le Bunreacht na hÉireann agus reachtaíocht na hEorpa, agus is léir go bhfuil tú ag tógáil an ról go dáiríre.

Tá tuairiscí ann sna meáin go mbeidh moill ar achtú an bille de bharr do leasuithe. Níl Conradh na Gaeilge ag iarraidh moill a chur ar bhille chomh tábhachtach le seo, ach caithfear a chinntiú go bhfuil an dhá theanga oifigiúla tógtha san áireamh. Ní fheicimid i gConradh na Gaeilge conas gur féidir le do leasaithe moill a chur ar an reachtaíocht. Tá do leasuithe ag teacht leis an mBunreacht agus níl aon rud conspóideach ná casta leo. Beimid buíoch dá bhféadfá soiléiriú a thabhairt dúinn maidir le cén moill nó fadhb a bheadh ann le do leasú, dar leis an Rialtas.

Iarrann muid ort do leasuithe a chur chun cinn agus táimid sásta i gConradh na Gaeilge plé leat le teacht ar réiteach ar seo chun cinntiú go bhfuil cearta na Gaeilge sásaithe leis an reachtaíocht seo.

Ag súil le scéal uait ar do chaoithiúlacht.

Beir bua,

Caoimhín Ó Cadhla

Caoimhín Ó Cadhla

Feidhmeannach Taighde agus Anailíse - Conradh na Gaeilge

+353 (0)1 4757401 | caoimhinoc@cnag.ie | taighde@cnag.ie